## An Ról

Clúdaíonn Oifigigh Feidhmiúcháin réimse leathan cúraimí feidhmiúla. Déanann Oifigigh Feidhmiúcháin anailís chriticiúil ar chláir agus ar thuairiscí agus scrúdaíonn siad cásanna níos casta, neamhghnácha a bhfuil cinntí de dhíth orthusan.

Tá an ról nua seo, Oifigeach Feidhmiúcháin Tograí, ríthábhachtach i gcomhthéacs clár oibre leathan na Stiúrthóireachta Forbartha Réigiúin, Pobail agus Pleanála Teanga in Údarás na Gaeltachta.

Tá réimse leathan tograí á mbainistiú ag an Stiúrthóireacht sna réimsí diaspóra, turasóireacht, pleanáil teanga agus forbairt pobail. Tá bainistíocht na dtionscadal seo ríthábhachtach chun a chinntiú go gcuirtear i gcrích go rathúil iad, ag comhlíonadh spriocanna ama, cáilíochta agus buiséid.

Tá dhá phríomhról ag an Oifigigh Feidhmiúcháin sa Stiúrthóireacht:

1. Tionscadail a threorú agus a stiúradh ó thús go deireadh, ag feidhmiú mar phointe teagmhála lárnach do na tograí agus ag comhordú gníomhaíochtaí idir an Stiúrthóir, foireann na Stiúrthóireachta, agus páirtithe leasmhara seachtracha.
2. Cúramaí riaracháin agus bainistíochta Oifig an Stiúrthóra a ghlacadh, ag tacú leis an Stiúrthóir díriú ar cheisteanna straitéiseacha.

Cuirfidh an ról tiomanta seo ar chumas na Stiúrthóireachta dlús a chur le cur i bhfeidhm na dtograí, ag tapú deiseanna agus ag dul i ngleic le dúshláin ar bhealach níos éifeachtaí. Tá na réimsí oibre seo lárnach do mhisean Údarás na Gaeltachta, agus cinnteoidh an ról nua seo go mbainfear amach cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta ar bhealach comhtháite agus éifeachtúil, ag tacú le forbairt agus neartú na Gaeltachta.

Is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

- Beidh an post seo lonnaithe Ardoifig an Údaráis sna Forbacha.

Tá Polasaí Obair Chumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta, tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat Polasaí Oibre Cumaisc d’Eagraíochtaí Státseirbhíse a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022.  Beidh deis iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc tar éis tréimhse promhaidh an phoist a bheith curtha i gcrích.

## Sonraíocht Imlíneach an Phoist

| Sonraí | Cur Síos |
|---|---|
| **Aidhm an róil** | Cabhrú seirbhísí an Údaráis a riar agus a oibriú go héifeachtach. Ina ról, déanann na hOifigigh anailís chriticiúil ar cheisteanna beartais agus reachtaíochta a bhaineann le forbairt na Gaeltachta. Déanann siad iarracht a chinntiú go bhfuil na seirbhísí poiblí a chuireann an tÚdarás ar fáil ag freastal go maith ar riachtanais an phobail Ghaeltachta |
| **Príomhdhualgais an Róil** | • Feidhmiú mar phríomh-theagmhálaí agus comhordaitheoir do thograí straitéiseacha atá faoi chúram oifig an Stiúrthóir Forbartha Réigiúin, Pobail agus Pleanála Teanga.<br>• Na tograí seo a bhogadh chun cinn go tráthúil agus go héifeachtach, ag obair i gcomhpháirt leis an Stiúrthóir agus le páirtithe leasmhara ábhartha.<br>• Tacú le hobair riaracháin agus bainistíochta na hoifige chun a feidhmiú go rianúil.<br>• Cur le cumas Údarás na Gaeltachta tionchar dearfach a imirt ar an nGaeltacht sna réimsí seo.<br>• Pleananna togra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do thionscadail sna réimsí thuasluaite, i gcomhar leis an Stiúrthóir.<br>• Idirchaidreamh a dhéanamh le príomh-gheallsealbhóirí, cosúil le heagraíochtaí Gaeltachta, údaráis áitiúla, an diaspóra agus pobail áitiúla.<br>• Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtograí, ag tuairisciú go rialta don Stiúrthóir.<br>• Buiséid agus acmhainní na dtograí a bhainistiú go héifeachtúil.<br>• Tacú le gnóthaí riaracháin na hoifige, lena n-áirítear tuairiscí a ullmhú, cruinnithe a eagrú agus comhfhreagras a láimhseáil.<br>• Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Údarás na Gaeltachta ag imeachtaí agus cruinnithe ábhartha.<br>• Tograí straitéiseacha curtha i bhfeidhm go rathúil sna réimsí ábhartha, ag cur le forbairt na Gaeltachta.<br>• Caidrimh láidre oibre tógtha le príomh-pháirtithe leasmhara.<br>• Éifeachtúlacht agus táirgiúlacht mhéadaithe san oifig tríd an ról riaracháin.<br>• Próifíl agus tionchar Údarás na Gaeltachta méadaithe sna réimsí seo. |

Is ról ilghnéitheach é seo a éilíonn solúbthacht, tiomantas don tseirbhís phoiblí, agus an cumas chun oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa. Tá sé riachtanach go mbeidh an t-iarrthóir rathúil in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla, agus in ann a bheith ag obair in aon áit sa Ghaeltacht de réir mar is gá.

### Luach Saothair agus Sochair

Mar seo a leanas a bheidh an pacáiste comhdhéanta:

- Is é an ráta buntuarastail reatha don phost ná €36,544-€59,422* (ráta ranníocaíochta pinsin phearsanta) in aghaidh na bliana; áirítear san ollphá seo, ranníocaíochtaí an fhostaí chuig scéim aoisliúntais earnála poiblí iomchuí.

  *Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse tar éis 3 (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde ar an scála

